

Scrúdaítear san Innéacs Comhionannais Inscne, 2017 an dul chun cinn agus na dúshláin a bhain le comhionannas inscne a bhaint amach ar fud an Aontais Eorpaigh ó 2005 go 2015. Agus úsáid á baint as scála ó 1 (neamh-chomhionannas iomlán) go 100 (comhionannas iomlán), tomhaistear na difríochtaí idir mná agus fir i réimsí lárnacha de chreat beartais an AE (obair, airgead, eolas, am, cumhacht agus sláinte). San Innéacs scrúdaítear freisin foréigean in aghaidh na mban agus neamh-chomhionannais thrasnaíocha. Is réimsí satailíteacha iad seo agus is cuid iad de chreat an Innéacs Comhionannais Inscne, ach níl tionchar acu ar an scór foriomlán. Is léiriú iad na neamh-chomhionannais thrasnaíocha ar an gcaoi a dtrasnaíonn inscne le haois, oideachas, comhdhéanamh teaghlaigh, tír bhreithe agus míchumas. Tugann torthaí san Innéacs Comhionannais Inscne i dtaobh gach réimse agus foréimse den AE agus dá 28 mBallstát ⁽¹⁾.

Dul chun cinn ar chomhionannas inscne in Éirinn, 2005-2015

San Innéacs Comhionannais Inscne, 2017, ghnóthaigh Éire scór **69.5 as 100**. Is méadú 7.6 pointe é seo ó 2005, rud a léiríonn dul chun cinn níos tapúla ná leibhéal an AE trí chéile. Tá Éire 3 pointe chun cinn anois ar mheánscór an AE. Ó 2005 go 2015, tháinig ardú ar rangú na hÉireann ón 10ú háit go dtí an 8ú háit. Tá méadú tagtha ar scóir na réimsí uile ach amháin réimse an ama, réimse nár tháinig aon fheabhas air.


Tá feabhas suntasach le sonrú ar réimse **na cumhachta** de bharr dul chun cinn in ionadaíocht na mban sa chinnteoireacht san earnáil eacnamaíoch. D'fheabhsaigh ionadaíocht na mban sa chinnteoireacht pholaitiúil freisin, cé nach raibh an feabhas chomh láidir céanna.

Tá dul chun cinn láidir le sonrú ar réimse **an eolais** ó thaobh gnóthachtáil agus rannpháirtíocht oideachais i gcás na mban agus na bhfear araon. Mar sin féin, tá dúshlán ag baint i gcónaí leis an idirdheighilt atá sna réimsí staidéir de réir na bpatrún traidisiúnta inscne. Leanann neamh-chomhionannas freisin sa chaoi a roinntear **am**, go háirithe maidir le gníomhaíochtaí sóisialta.

Tá feabhas beag tagtha ar chúrsaí i réimse **na hoibre**, mar gheall ar rannpháirtíocht fheabhsaithe na mban agus na bhfear sa mhargadh saothair, maolú ar an idirdheighilt idir na hinscní agus caighdeán oibre níos airde.

Sa réimse **airgid** tá roinnt dul chun cinn le feiceáil; baineann sé seo den chuid is mó le dáileadh ioncaim ar bhonn níos comhionainne agus laghdú ar na bearnaí inscne maidir le tuilleamh agus ioncam.

Tá an scór comhionannais inscne i réimse **na sláinte** ard; léirítear cothromaíocht mhaith inscne maidir leis an teacht atá ag daoine ar sheirbhísí agus a stádas sláinte trí chéile. Mar sin féin, tá difríochtaí tábhachtacha ann maidir le hiompraíochtaí na mban agus na bhfear ó thaobh sláinte de.



↑↓ Athrú sa scór ó 2005 go 2015

⁽¹⁾ Tá an tInnéacs Comhionannais Inscne, 2017 bunaithe ar shonraí Eurostat (Staitisticí Oideachais, Suirbhé an Lucht Oibre AE, Suirbhé Agallaimh Sláinte na hEorpa, Staitisticí AE ar Ioncam agus Dáláí Maireachtála, an Suirbhé ar Struchtúr Tuillimh), ar shonraí Eurofound (an Suirbhé ar Cháilíocht na Beatha san Eoraip, an Suirbhé ar Dhálaí Oibre san Eoraip), ar Bhunachar Sonraí Staitisticí Inscne EIGE (Mná agus Fir i gCinnteoireacht) agus ar shonraí an tsuirbhé um Foréigean i gcoinne na mBan a rinne an Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha. Is í 2015 an bhliain tagartha (2014 i gcás sonraí maidir le neamh-chomhionannais thrasnaíocha). Is é 15+, 16+ nó 18+, ag brath ar an bhfoinse, aois an phobail tagartha do na táscairí.

Obair

I réimse na hoibre, tháinig méadú beag ar an scór de bharr laghdú sna bearnaí inscne ó thaobh rannpháirtíocht i bhfostaíocht.

Is é 63 % i gcás na mban agus 75 % i gcás na bhfear an ráta fostaíochta (20-64). Is é 69 % an ráta fostaíochta iomlán agus tá Éire laistigh den sprioc-raon (69-71 %) atá leagtha amach aici di féin ina straitéis Eoraip 2020 (AE2020).

Maidir le mná agus fir araon, tá laghdú ar an ráta fostaíochta le sonrú nuair a chuirtear líon na n-uaireanta oibre san áireamh. Is é 41 % an ráta fostaíochta de réir coibhéis lánaimseartha (FTE) i gcás na mban, i gcomparáid le 57 % i gcás na bhfear.


Tá laghdú suntasach tagtha ar an mbearna inscne san fhostaíocht, arna thomhas ag rátaí fostaíochta FTE. Tá sé seo amhlaidh toisc go bhfuil laghdú 12 phointe céatadán tagtha ar an gcéatadán de na fir atá i bpoist fostaíochta FTE.

Gan na daoine atá 65 bliain d'aois nó níos sine a chur san áireamh, is leis na mná ag a bhfuil leibhéil ísle oideachais (10 %) agus leis na mná atá faoi mhíchumas (12 %) a ghabhann an ráta fostaíochta FTE is ísle, i gcomparáid le 18 % i gcás na bhfear atá faoi mhíchumas. Is é 20 pointe céatadán an bhearna sa ráta fostaíochta FTE idir mná agus fir i lánúin a bhfuil clann orthu, agus tá an bhearna sin i bhfad níos mó ná an bhearna idir mná agus fir i lánúin gan leanaí (5 phointe céatadán).

Tá 34 % de na mná ag obair go páirtaimseartha i gcomparáid le 13 % de na fir. Ar an meán, oibríonn mná 32 uair an chloig sa tseachtain, i gcomparáid le 40 uair an chloig i gcás na bhfear. Tá 12 % de mhná in aois oibre i gcomparáid le 0.8 % d'fhir in aois oibre taobh amuigh den mhargadh saothair nó ag obair go páirtaimseartha de bharr freagrachtaí cúraim a bheith orthu.


Is fíric dháiríre, do mhná agus d'fhir araon, an idirdheighilt inscne sa mhargadh saothair. Tá breis agus ceithre oiread ban (35 %) agus atá d'fhir (8 %) ag obair i ngníomhaíochtaí a bhaineann le hoideachas, sláinte an duine agus obair shóisialta (EHW). Tá níos mó ná ceithre oiread fear (26 %) agus atá de mhná (5 %) ag obair i ngairmeacha eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus mata-maitice (STEM).

Réimse na hoibre




Foréimsí

Rannpháirtíocht



Leithscaradh agus cáilíocht na hoibre



Airgead

Tá roinnt feabhais le sonrú ar réimse an airgid ó thaobh tuillimh agus ioncain de mar aon le laghdú ar an mbaol bochtaineachta.


Tá méadú tagtha ar mheántuilleamh míosúil na mban agus na bhfear, ach fós féin tuilleann na mná tuairim is 18 % níos lú ná na fir gach mí. Tá an bhearna seo níos leithne i measc daoine a bhfuil ardoideachas orthu agus i measc na mban agus na bhfear i lánúineacha a bhfuil clann orthu.

Tá laghdú tagtha ar an sciar de mhná agus d'fhir atá i mbaol bochtaineachta. Baineann an baol céanna bochtaineachta le mná agus le fir (16 %).

Is iad na tuismitheoirí aonair (49 % de na mná agus 29 % de na fir) is mó atá i mbaol bochtaineachta. Tá an cás amhlaidh maidir le mná agus le fir a rugadh lasmuigh den AE (28 % agus 27 %, faoi seach) agus le daoine óga (28 % i gcás na mban agus na bhfear).


14 % is ea an difreálach pá idir na hinscní, agus na mná ar gcúl; tá sé seo 2 phointe céatadán faoi bhun mheán an AE-28. In 2012, bhí pinsin níos ísle ag mná ná mar a bhí ag fir agus bhí bearna inscne 37 % ann (38 % is ea meán an AE).

Réimse an airgid




Foréimsí

Acmhainní airgeadais



Staid eacnamaíoch



Eolas

Tá feabhas tagtha ar chúrsaí i réimse an eolais mar thoradh ar bhreis comhionannas inscne ó thaobh gnóthachtáil agus rannpháirtíocht oideachais.


Tá méadú tagtha ar líon na gcéimithe ón oideachas treasach, idir mhná agus fhir araon. Críochnaíonn 36 % de na mná a gcuid oideachais threasaigh, ardú ó 25 % in 2005. Críochnaíonn 31 % de na fir a gcuid oideachais threasaigh, ardú ó 22 % in 2005. Níor chomhlíon Éire an sprioc náisiúnta atá luaite in AE2020 go fóill, is é sin go n-éireodh le 60 % de dhaoine 30-34 bliain d'aois oideachas treasach a ghnóthú.

Is lú an seans go ngnóthóidh mná agus fir faoi mhíchumas céim threasach (21 % de na fir agus 22 % de na mná).

Bhí rannpháirtíocht daoine fásta i bhfoghlaím agus oiliúint ar feadh an tsaoil — idir fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil — seasmhach ó 2005 go 2015. Glacann 14 % de na mná agus de na fir páirt i ngníomhaíochtaí den sórt sin.


Tá dúshlán suntasach ann ó thaobh idirdheighilt sna réimsí staidéir; dhírigh 50 % de mhic léinn ban ar oideachas, sláinte agus leas, agus ar na daonnachtaí agus na healaíona — réimsí a áirítear go traidisiúnta mar réimsí “baineanna” (i gcomparáid le 25 % de na mic léinn ar fir iad sna réimsí sin).

Réimse na faisnéise



Foréimsí

Gnóthachtáil agus rannpháirtíocht



Leithscaradh



Am

I réimse an ama, d'fhan an scór mar an gcéanna mar gheall ar dhul chun cinn i roinnt an ama maidir le gníomhaíochtaí cúraim, mar aon le héagothroime níos measa ó thaobh roinnt an ama le haghaidh gníomhaíochtaí sóisialta. Tá Éire rangaithe sa 6ú háit ó thaobh scóir de sa réimse seo, agus í 8.5 pointe os cionn mheánscoir an AE.

Tugann 44 % de na mná aire do dhaoine eile sa teaghlach agus cuireann oideachas ar dhaoine eile sa teaghlach ar feadh 1 uair an chloig ar a laghad sa lá, i gcomparáid le 30 % de na fir.

Tugann 92 % de mhná i lánúin a bhfuil clann orthu aire dá gclann ar feadh 1 uair an chloig nó níos mó in aghaidh an lae, i gcomparáid le 78 % de na fir. Is i measc na mban agus na bhfear ag a bhfuil leibhéal íseal oideachais atá an bhearna inscne is ísle agus tá bearna inscne níos airde i measc daoine idir 25-49 bliain d'aois agus daoine ag a bhfuil meánleibhéal oideachais.


In Éirinn, déanann 89 % de na mná cócaireacht agus obair tí gach lá ar feadh 1 uair an chloig ar a laghad, i gcomparáid le 48 % de na fir. Níor tháinig athrú ar an mbearna inscne.

I measc daoine idir 50-64 bliain d'aois, déanann 94 % de na mná agus 45 % de na fir cócaireacht nó obair tí gach lá. Tá patrúin den sórt céanna — comhroinnt éagothrom ar obair an tí — le sonrú i measc na nglúnta óga. Déanann 76 % de na mná 15-24 bliain d'aois cócaráil gach lá, i gcomparáid le 30 % de na fir.

Baineann an neamh-chomhionannas i gcomhroinnt an ama sa bhaile le gníomhaíochtaí sóisialta eile freisin. Is dóchúla go bhfuil fir in aois oibre ná mná in aois oibre páirteach i ngníomhaíochtaí spóirt, cultúir agus fóillíochta lasmuigh den bhaile (48 % de na fir, i gcomparáid le 40 % de na mná).


Tá 31 % de leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois agus 92 % de leanaí idir 3 bliana d'aois agus aois scoile cláraithe i gcúram leanaí. Níor chomhlíon Éire an chéad cheann den dá sprioc atá luaite le “spriocanna Barcelona”, is é sin 33 % ar a laghad de leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois a bheith i gcúram leanaí, cé go bhfuil an sprioc go mbeadh 90 % de leanaí idir 3 bliana d'aois agus aois scoile i gcúram leanaí bainte amach aici.

Réimse an ama




Foréimsí

Gníomhaíochtaí cúraim



Gníomhaíochtaí sóisialta



Cumhacht

I réimse na cumhachta, tá méadú mór tagtha ar an scór, cé gurb é an scór is ísle de chuid na hÉireann é go fóill. Tá an méadú seo tagtha mar gheall ar ionadaíocht níos mó a bheith ag na mná i gcumhacht eacnamaíoch agus i gcumhacht pholaitiúil araon.



Tá méadú tagtha ar ionadaíocht pholaitiúil na mban ag leibhéal aireachta, pharlaiminte agus réigiúnacha. Mhéadaigh an sciar de na hairí ar mná iad ó 14 % in 2005 go 20 % in 2015. Le linn na tréimhse céanna, tháinig ardú ar sciar na mban sa Dáil agus sa Seanad ó 13 % go 21 %.

Tháinig méadú níos mó ná dhá oiread ar an sciar de bhoird chorparáideacha na gcuideachtaí is mó ar mná iad ó 2005 go 2015, ach is fir fós iad 86 % de na cinneadóirí.

Sa saol airgeadais, mhéadaigh ionadaíocht na mban ó 9 % in 2005 go 27 % de chomhaltaí boird an Bhainc Ceannais in 2015.

Is mná iad leath na gcomhaltaí boird de chuid eagraíochtaí maoinithe taighde agus 45 % de chomhaltaí boird de chuid eagraíochtaí craolacháin faoi úinéireacht phoiblí. Tá an bhearna inscne maidir le cinnteoireacht sa spórt níos airde — níl ach 16 % de chomhaltaí na gcomhlachtaí cinnteoireachta is airde de chuid eagraíochtaí spóirt Oilimpeacha náisiúnta ina mná.

Réimse na cumhachta



Sláinte

I réimse na sláinte, tá an scór beagnach gan athrú ach is é an 5ú scór is airde san AE é. Tá sé seo amhlaidh mar gheall ar laghdú beag ar an bhfáil atá ag daoine ar riachtanais leighis agus fiacloireachta ach feabhas ar stádas sláinte na mban agus na bhfear.



Tá méadú tagtha ar ionchas saoil na mban agus na bhfear araon. Maireann mná 4 bliana níos faide ná fir ar an meán. Tá méadú tagtha freisin ar an líon blianta a maireann mná agus fir de ghnáth agus an tsláinte go maith acu, ó 64 bliana go 68, mbliana d'aois i gcás na mban agus ó 63 bliana go 67 mbliana d'aois i gcás na bhfear.

Deir ochtar as gach deichniúr in Éirinn go bhfuil sláinte "maith" nó "an-mhaith" acu. Tagann laghdú ar dhearcadh dearfach an duine ar a s(h)láinte de réir mar a laghdaíonn an leibhéal oideachais atá acu. Ní thuairiscíonn ach 66 % de na mná agus 71 % de na fir a bhfuil leibhéal íseal oideachais acu go bhfuil an tsláinte go maith acu.

Tá méadú tagtha ar líon na gcásanna a raibh scrúdú fiacloireachta de dhíth orthu ach nach bhfuair an scrúdú seo.

In Éirinn, déanann 53 % de na fir an iomarca caitheamh tobac/óil i gcomparáid le 34 % de na mná. Tá an dóchúlacht chéanna ann i gcás na bhfear agus na mban go mbeidh siad ag gabháil d'iompraíocht lena gcuirtear an tsláinte chun cinn, mar shampla aclaíocht a dhéanamh nó torthaí agus glasraí a ithe.

Réimse na sláinte




Foréigean


Tá foréigean in aghaidh na mban san áireamh san Innéacs Comhionannais Inscne mar réimse satailíteach. Ciallaíonn sé seo nach bhfuil tionchar ag na scóir ó réimse an fhoréigin ar scór deiridh an Innéacs Comhionannais Inscne. Ó thaobh staidrimh de, ní thomhaistear bearnaí idir mná agus fir i réimse an fhoréigin mar a dhéantar sna príomhréimsí. Ina ionad sin, déantar tomhas agus anailís ar thaithe na mban ar fhoréigean. Murab ionann agus réimsí eile, ní hé an cuspóir foriomlán na bearnaí foréigin idir mná agus fir a laghdú, ach foréigean a dhíothú go hiomlán.

Ciallaíonn scór ard san Innéacs Comhionannais Inscne go bhfuil tír cóngarach don sprioc go mbeadh comhionannas inscne i réim sa tír sin. Ach i réimse an fhoréigin, dá airde an scóir is amhlaidh is measa atá an foréigean in aghaidh na mban sa tír sin. Ar scála 1 go 100, léiríonn 1 nach bhfuil aon fhoréigean ann agus léiríonn 100 go bhfuil foréigean in aghaidh na mban an-fhairsing, an-dona agus faoi cheilt. Dá bhrí sin is í an tír a bhfuil an scór is ísle aici an tír is fearr a bhfuil ag éirí léi.

Creat tomhais réimse an fhoréigin



Réimse an fhoréigin




Is é 25.6 scór na hÉireann i réimse an fhoréigin; tá an scór sin beagán níos ísle ná meánscore an AE.

In Éirinn, rinneadh foréigean fisiciúil agus/nó gnéasach ar 26 % de mhná uair amháin ar a laghad ó bhí siad 15 bliana d'aois i leith. Bhain iarmhairtí sláinte mar thoradh air sin do 72 % díobh.

11 % de na mná a ndearna duine eile foréigean fisiciúil agus/nó gnéasach orthu le 12 mhí anuas, níor inis siad do dhuine ar bith eile faoi.

Ag leibhéal na sochaí, cosnaíonn foréigean in aghaidh na mban EUR 2 bhilliún in aghaidh na bliana d'Éirinn mar thoradh ar aschur eacnamaíoch amú, úsáid seirbhísí agus costais phearsanta ⁽²⁾.


Tá réimse an fhoréigin comhdhéanta de thrí fhoréimse: **leitheadúlacht**, ina dtomhaistear cé chomh minic is a tharlaíonn foréigean in aghaidh na mban; **déine**, ina dtomhaistear iarmhairtí sláinte an fhoréigin; agus **nochtadh**, ina dtomhaistear tuairisciú ar fhoréigean.



⁽²⁾ Is gníomh taighde é seo a dhéantar ar leibhéal an AE chun costas na dtrí thoise mhóra a mheas: seirbhísí, aschur eacnamaíoch amú, agus pian agus fulaingt na n-íospartach. Cuireadh na meastacháin sin don AE ina iomláine le chéile, bunaithe ar chás-staidéar ar an Ríocht Aontaithe, i gcomhréir le méid an daonra. EIGE, *Meastachán ar na costais a ghabhann le foréigean ar bhonn inscne san Aontas Eorpach*, Oifig Foilseacháin an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2014, Ich. 142 (ar fáil ag: <http://eige.europa.eu/sites/default/files/documents/MH0414745EN2.pdf>).

Na gnéithe agus na buntáistí ar leith a bhaineann leis an Innéacs Comhionannais Inscne, 2017

Taispeánann na torthaí go bhfuil scór na hÉireann san Innéacs Comhionannais Inscne faoi bhun mheánscór an AE-28; tá feabhas le déanamh go fóill, go háirithe i réimse an ama. D'fhonn comhionannas iomlán inscne a bhaint amach, tá cur chuige níos dírithe agus níos iomlánaíche de dhíth maidir le comhionannas inscne.



Leis an Innéacs Comhionannais Inscne:

- déantar faireachán ar an dul chun cinn ar chomhionannas inscne ar fud an AE agus le himeacht ama;
- tacaítear le cinneadóirí agus iad ag meas cá fhad atá Ballstáit ón sprioc atá acu comhionannas inscne a bhaint amach;
- léirítear na torthaí difriúla a bhíonn ar bheartais an AE agus ar bheartais náisiúnta i gcás na mban agus na bhfear;
- is féidir anailís agus comparáid fhiúntach inscne a dhéanamh idir réimsí éagsúla beartais;
- tacaítear le forbairt agus le cur chun feidhme na mbeartas agus na reachtaíochta um chomhionannas inscne;
- méadaítear feasacht na gcinneadóirí agus an phobail ar an dul chun cinn atá déanta agus ar na dúshláin a bhaineann le beartais um chomhionannas inscne a chur chun feidhme;
- tarraingítear aird ar bhearnaí sonraí agus iarrtar sonraí comhchuibhithe, incomparáide atá imdhealaithe ó thaobh inscne de agus ar fáil do na Ballstáit go léir.

Léigh tuilleadh faoin Innéacs Comhionannais Inscne, 2017

- An Phríomhthuarascáil (2017)
- Na Príomhfhionnachtana (2017)
- Luas an-mhall i dtreo comhionannas inscne: bileog eolais (2017)
- Tuarascáil mhodheolaíochta (2017)
- Creat tomhais maidir le foréigean in aghaidh na mban (2017)
- Neamh-chomhionannais thrasnáiocha (le foilsiú)

Is féidir an tInnéacs Comhionannais Inscne agus na sonraí iomlána a bhaineann le hÉirinn a scrúdú ag <http://eige.europa.eu/gender-equality-index>

An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne

Is é an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) lárionad eolais an Aontais Eorpaigh um chomhionannas inscne. Cuireann EIGE tacaíocht ar fáil don lucht déanta beartas agus gach institiúid ábhartha agus iad ag iarraidh an comhionannas idir fir agus mná a chur i bhfeidhm i saol na nEorpach ach saeolas sonrath agus sonraí incomparáide iontaoifa a chur ar fáil dóibh maidir leis an gcomhionannas inscne san Eoraip.

© An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne, 2018
Údaraítear atáirgeadh ach an fhoinse a admháil.



An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne
Gedimino pr. 16
LT-01103 Vilnius
AN LIOTUÁIN

Sonraí teagmhála

<http://eige.europa.eu/>

facebook.com/eige.europa.eu

twitter.com/eurogender

youtube.com/user/eurogender

eige.sec@eige.europa.eu

+370 52157444